www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2012**

# Stair

## Aonad Measúnaithe A2 2

**[AH221]**

**DÉ MÁIRT 22 BEALTAINE, IARNÓIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **dhá** cheist as do rogha. Freagair ceist 1 agus ceist 2. Tá rogha i gceist 2.
Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cén rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **2**.
Fiosrú stairiúil atá sa pháipéar seo.
Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur chóir go dtaispeánfadh a bhfreagraí an tuiscint acu ar cad é mar a léirmhíníodh an t-am atá thart agus ar cad é mar a léiríodh é ar dhóigheanna difriúla.

www.xtrapapers.com

Freagair ceist **1 agus** ceachtar acu **2(a)** nó **2(b)**

## Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900−1925

## Roinn A  Fiosrú Stairiúil: measúnú agus anailís foinsí

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

**An Cogadh Angla-Éireannach 1919–1921**

### Foinse 1

Sliocht as óráid leis an Tiarna Curzon, Rúnaí Gnóthaí Eachtracha, le Teach na dTiarnaí, 20 Deireadh Fómhair 1920. Tá sé ag trácht ar an Chogadh Angla-Éireannach.

> Agus iad ag iarraidh an ceangal idir Éire agus an Bhreatain a bhriseadh, tá Sinn Féin i ndiaidh cineál rialtais atá forleathan agus atá thar a bheith éifeachtúil, mar a deirtear liom, a bhunú i gcuid mhór áiteanna ar fud na hÉireann. Tá siad i mbun ceannairce chomh maith a bhfuil mar chuspóir aici Rialtas na Breataine in Éirinn a éagumasú agus Impireacht na Breataine a ísliú. Go dtí seo, tá na reibiliúnaigh seo i ndiaidh 500 duine idir shaoránaigh, phóilíní agus shaighdiúirí a mharú nó a ghoin. Scriosadh na céadta foirgneamh ar a n-áirítear tithe cúirte, beairicí póilíní agus tithe príobháideacha ar le saoránaigh dhílse iad. Tá buanna na bhfórsaí míleata againn molta agam ach níor mhaith mé riamh dóibh ceann ar bith dá gcuid lochtanna. Tá ár gcuid fear i mbun cogaíochta, ní amháin ar son na hÉireann ná ar son Rialtas ná Impireacht na Breataine: is cogadh sibhialtachta atá ar bun acu.

### Foinse 2

Sliocht as Tuairisc le Coimisiún Fiosrúcháin Mheiriceá maidir le coinníollacha in Éirinn, arna foilsiú i Márta 1921. Ba sna Stáit Aontaithe a bhí an Coimisiún lonnaithe agus bhí fir ghnó, eaglaisigh agus polaiteoirí páirteach ann. Chuir siad agallamh ar fhinnéithe ó Éirinn agus ó Shasana maidir leis an Chogadh Angla-Éireannach. Dhiúltaigh Rialtas na Breataine páirt a ghlacadh ann.

> Fuair muid amach go bhfuil muintir na hÉireann faoi bhois an chait ag fórsaí impiriúla na Breataine a bhfuil “uafás” ar bun acu agus iad ag déanamh neamhaird den dlí agus de na caighdeáin uilig a bhaineann le hiompar daonna. Tá fórsaí na Breataine in Éirinn i ndiaidh fir, mná agus páistí neamhurchóideacha a mharú as éadan. Tá tithe, sráidbhailte, monarchana agus barra scriosta acu. Theip ar an “uafás” seo rialtas sibhialta impiriúil na Breataine a athbhunú in Éirinn. Níl cúirteanna na Breataine ag feidhmiú sa chuid is mó d’Éirinn anois agus tá na húdaráis áitiúla ag diúltiú d’údarás na Breataine. D’ainneoin “uafás” na Breataine is do Phoblacht na hÉireann a thugann formhór mhuintir na hÉireann dílseacht go fóill. Is le Poblacht na hÉireann a íocann siad cáin agus tá meas acu ar chinntí na gcúirteanna aici.

www.xtrapapers.com

**Foinse 3**

Sliocht as *Ireland 1905-1925* le Russell Rees arna fhoisliú in 1998. Tá Rees ag trácht ar an sos cogaidh a chuir deireadh leis an Chogadh Angla-Éireannach in Iúil 1921.

> Nuair a dhiúltaigh Sinn Féin d'Acht um Rialú na hÉireann sna toghcháin i mBealtaine 1921, bhí an chosúlacht ann go mbeadh ar Rialtas na Breataine géarú ar an Chogadh Angla-Éireannach. Bhí Ginearál Macready buartha faoin tionchar a bheadh ag feachtas fada ar mheanma agus ar smacht a chuid trúpaí. Bhí tuairimí an phobail i Sasana i leith ghníomhaíochtaí na bhfórsaí míleata ag éirí níos naimhdí i gcónaí, áfach, agus ba é seo a d'imir an tionchar ba mhó ar an Rialtas sos cogaidh a thairiscint do Sinn Féin. Ba ar ócáid óráid an Rí le linn oscailt Pharlaimint Bhéal Feirste ar 23 Meitheamh a thapaigh Lloyd George an deis atmaisféar síochána a chruthú. Tuigeadh do Sinn Féin go gcaillfeadh siad cuid mhór de bhá an phobail dá ndiúltódh siad do shos cogaidh a bhí measartha. Ar a bharr sin bhí an IRA, a raibh tuairim is 3000 fear ann, ag dul i ngleic anois le fórsa míleata de chuid na Breataine a raibh corradh is 40 000 saighdiúir ann, agus bhí córas ceart faisnéise agus beartaíocht níos fearr ag an arm anois le tacú leis.

1 **(a)** **Téigh i gcomhairle leis na foinsí uilig agus le do chuid eolais féin ar an tréimhse seo.** Cé acu foinse ab úsáidí mar fhianaise do staraí atá ag déanamh staidéir ar na fadhbanna a bhí ag Rialtas na Breataine sa Chogadh Angla-Éireannach sa tréimhse 1919−1921? [15]

**(b)** **Úsáid na foinsí uilig agus aon fhianaise eile a ndearna tú staidéar uirthi.** Cad é mar a thacaíonn na foinsí leis an dearcadh gurb é an brú polaitiúil ar Rialtas na Breataine ba chúis leis an sos cogaidh in Iúil 1921? [20]

## Roinn B Fiosrú Stairiúil: Léirmhínithe

**2 Ceachtar acu**

**(a)** "Ba é an Páirtí Coimeádach faoi Bonar Law ba chúis leis an ghéarchéim maidir leis an Tríú Bille Rialtas Dúchais sa tréimhse suas go dtí Meán Fómhair 1914." Cén fhírinne atá sa ráiteas seo, dar leat? Úsáid fianaise ábhartha a ndearna tú staidéar uirthi, léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe níos moille san áireamh, chun tacú le do fhreagra. [35]

**Nó**

**(b)** "Ba iad laigí cheannasaíocht John Redmond i ndiaidh 1914 ba chúis le meath Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann faoi Nollaig 1918." Cén fhírinne atá sa ráiteas seo, dar leat? Úsáid fianaise ábhartha a ndearna tú staidéar uirthi, léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe níos moille san áireamh, chun tacú le do fhreagra. [35]

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.